2026/2306

21.10.2026

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/2306 ÓN gCOIMISIÚN

an 16 Deireadh Fómhair 2026

lena leasaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 a mhéid a bhaineann le samhlacha le haghaidh ráitis chuntais maidir le teidlíochtaí ar acmhainní dílse traidisiúnta agus le foirm le haghaidh tuarascálacha ar mhéideanna nach féidir a aisghabháil

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint don Chonradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach,

Ag féachaint do Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle an 26 Bealtaine 2014 maidir leis na modhanna agus an nós imeachta chun acmhainní dílse traidisiúnta, acmhainní dílse CBL agus acmhainní dílse bunaithe ar OIN a chur ar fáil agus maidir leis na bearta chun riachtanais airgid thirim a chomhlíonadh ([1]), go háirithe Airteagal 6(4), an cheathrú fomhír, agus Airteagal 13(3), an tríú fomhír, de,

Tar éis dul i gcomhairle leis an gCoiste Comhairleach maidir le hAcmhainní Dílse,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Déanfar na méideanna uile atá cáilithe mar acmhainní dílse traidisiúnta de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe (a), de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ([2]) ón gComhairle a chur chun sochair do chuntais an Choimisiúin i gcomhréir le hAirteagal 9(1) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014. I gcomhréir le hAirteagal 6(4), an chéad fhomhír, agus Airteagal 13(3) den Rialachán sin, ní mór do na Ballstáit ráitis ar na cuntais sin le haghaidh na dteidlíochtaí ar acmhainní dílse a sheoladh chuig an gCoimisiún agus tuarascáil ar mhéideanna do-aisghabhála a sholáthar dó. Ar mhaithe le cuntasaíocht agus trédhearcacht chuimsitheach, leagtar síos in Iarscríbhinní I agus III, faoi seach, a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 ón gCoimisiún ([3]) samhlacha le haghaidh ráiteas maidir le teidlíochtaí bunaithe ar acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh, le haghaidh ráiteas maidir le teidlíochtaí den sórt sin atá fós le haisghabháil, agus in Iarscríbhinn V a ghabhann leis, an fhoirm le haghaidh na tuarascála ar mhéideanna do-aisghabhála.

(2) Le Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([4]) bunaítear táille láimhseála de chuid an Aontais a mbeidh feidhm aici i leith trádáil le tríú tíortha. Is é a bheidh sa táille sin méid seasta in aghaidh na míre le haghaidh na seirbhísí atá le soláthar chun iarraidh a láimhseáil maidir le hearraí a chur faoin nós imeachta um scaoileadh i saorchúrsaíocht, i gcás ina ndíoltar na hearraí sin i gciandíolacháin.

(3) Tá táille láimhseála sin an Aontais le bheith incháilithe mar acmhainn dhílis thraidisiúnta de réir bhrí Airteagal 2(1), pointe a, de Chinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle ([5]). Níl táille láimhseála an Aontais san áireamh faoi láthair i gcatagóirí na ndleachtanna custaim agus na ndleachtanna eile sna samhlacha le haghaidh ráitis cuntas agus san fhoirm le haghaidh na tuarascála ar mhéideanna do-aisghabhála mar a leagtar amach i gCinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194. Dá bhrí sin, chuideodh líne iontrála thiomnaithe sna samhlacha sin lena áirithiú go ndéanfaí táille láimhseála an Aontais a thaifeadadh go trédhearcach agus go cruinn.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinní I, III agus V a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 a leasú dá réir, chun líne tuairiscithe ar leithligh le haghaidh tháille láimhseála an Aontais a ionchorprú sna samhlacha le haghaidh ráitis cuntas agus san fhoirm le haghaidh na tuarascála ar mhéideanna do-aisghabhála.

([1]) IO L 168, 7.6.2014, lch. 39, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/609/oj.

([2]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 ón gCoimisiún an 8 Feabhra 2018 lena mbunaítear samhlacha le haghaidh ráitis chuntais maidir le teidlíochtaí ar acmhainní dílse agus foirm le haghaidh tuarascálacha ar mhéideanna neamh-inghnóthaithe a fhreagraíonn do na teidlíochtaí ar acmhainní dílse de bhun Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014 ón gComhairle (IO L 36, 9.2.2018, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2018/194/oj).

([4]) Rialachán (AE) 2026/2108 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2026 lena mbunaítear Cód Custaim an Aontais agus Údarás Custaim an Aontais Eorpaigh, agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 (IO L, 2026/2108, 19.9.2026, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2026/2108/oj).

([5]) Cinneadh (AE, Euratom) 2020/2053 ón gComhairle an 14 Nollaig 2020 maidir le córas acmhainní dílse an Aontais Eorpaigh agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2014/335/AE, Euratom (IO L 424, 15.12.2020, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/2053/oj).

(5) Ar mhaithe le deimhneacht dhlíthiúil, ba cheart feidhm a bheith ag na samhlacha le haghaidh ráitis cuntas agus ag an bhfoirm le haghaidh na tuarascála ar mhéideanna do-aisghabhála arna leasú leis an gCinneadh seo ón dáta óna mbeidh feidhm ag táille láimhseála an Aontais dá bhforáiltear i Rialachán (AE) 2026/2108. De bhun Airteagal 287(4) de Rialachán (AE) 2026/2108, beidh feidhm ag táille láimhseála an Aontais ón deichiú lá tar éis theacht i bhfeidhm an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 20(10) den Rialachán sin. Dá bhrí sin, ba cheart feidhm a bheith ag an gCinneadh seo ón dáta céanna ar aghaidh,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

(1) Cuirtear na téacsanna in Iarscríbhinn I a ghabhann leis an gCinneadh seo in ionad Iarscríbhinní I agus III a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194.

(2) Leasaítear Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194 i gcomhréir le hIarscríbhinn II a ghabhann leis an gCinneadh seo.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ó dháta chur i bhfeidhm tháille láimhseála an Aontais dá dtagraítear in Airteagal 287(4) de Rialachán (AE) 2026/2108.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 16 Deireadh Fómhair 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN I

"'IARSCRÍBHINN I

CUNTAS 'A' AR ACMHAINNÍ DÍLSE AN AONTAIS EORPAIGH

Ráiteas ar theidlíochtaí a socraíodh ([1])

Ballstát:

Mí/bliain:

(airgeadra náisiúnta)

CINEÁL NA hACMHAINNE		Tagairt an Bhallstáit (roghnach)	Méideanna arna socrú le linn na míosa ([1])	Méideanna a aisghabháladh ó chuntas ar leithligh ([2])	Ceartúcháin ar theidlíochtaí a socraíodh níos túisce ([3])		Ollmhéideanna	Glanmhéideanna
					+	-		
			(1)	(2)	(3)	(4)	(5) = (1) + (2) + (3) - (4)	(6)
1210	Dleachtanna custaim (gan dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála san áireamh)							
1230	Dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála ar tháirgí							
1240	Dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála ar sheirbhísí							
1291	Táille láimhseála an Aontais							
12	**DLEACHTANNA CUSTAIM AGUS MÉIDEANNA EILE**							
1100	Tobhaigh shiúcra							
11	**TOBHAIGH SHIÚCRA**							
	IOMLÁN 12 + 11							

([1]) Lena n-áirítear teidlíochtaí de thoradh ar iniúchtaí agus cásanna inar braitheadh calaois agus neamhrialtachtaí.

(airgeadra náisiúnta)

CINEÁL NA hACMHAINNE		Tagairt an Bhallstáit (roghnach)	Méideanna arna socrú le linn na míosa ([1])	Méideanna a aisghabháladh ó chuntas ar leithligh ([2])	Ceartúcháin ar theidlíochtaí a socraíodh níos túisce ([3])		Ollmhéideanna	Glanmhéideanna
					+	-		
			(1)	(2)	(3)	(4)	(5) = (1) + (2) + (3) - (4)	(6)
					— costais bhailithe 25 % ([4]) — costais bhailithe 20 % ([5]) — costais bhailithe 25 % ([6]) — costais bhailithe 10 % ([7])			
					Iomlán atá le híoc leis an Aontas Eorpach			

([1]) Lena n áirítear ceartúcháin chuntasaíochta.
([2]) Lena n áirítear méideanna a dearbhaíodh nó a measadh nach féidir iad a aisghabháil ar chúiseanna atá inchurtha i leith na mBallstát.
([3]) Ceartúcháin ar theidlíochtaí a socraíodh i dtosach báire, go háirithe cásanna aisghabhála iar-imréitigh agus aisíocaíochta. I gcás siúcra, ní mór do cheartúcháin a bhaineann le blianta roimhe sin an bhliain margaíochta chomhfhreagrach a lua.
([4]) Tá an ráta asbhainte 25 % le cur i bhfeidhm ar mhéideanna a bhí le cur ar fáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme, tar éis an 28 Feabhra 2021.
([5]) Tá an ráta asbhainte 20 % le cur i bhfeidhm ar mhéideanna a bhí le cur ar fáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme, idir an 1 Márta 2014 agus an 28 Feabhra 2021.
([6]) Tá an ráta asbhainte 25 % le cur i bhfeidhm ar mhéideanna a bhí le cur ar fáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme, idir an 1 Márta 2001 agus an 28 Feabhra 2014.
([7]) Tá an ráta asbhainte 10 % le cur i bhfeidhm ar mhéideanna a bhí le cur ar fáil, i gcomhréir le rialacha an Aontais is infheidhme, roimh an 28 Feabhra 2001.'

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/2306/oj

'IARSCRÍBHINN III

ACMHAINNÍ DÍLSE AN AONTAIS EORPAIGH — CUNTAS AR LEITHLIGH ([2])

Ráiteas ar theidlíochtaí socraithe nach n-áirítear i gcuntas 'A'

Ballstát:

Ráithe/bliain:

(airgeadra náisiúnta)

CINEÁL NA hACMHAINNE		Méid gan íoc ón ráithe roimhe seo	Teidlíochtaí a socraíodh I ndáil leis an ráithe reatha	Ceartúcháin ar shocruithe (Airteagal 8) ([1])	Méideanna do-aisghabhála nach féidir a chur ar fáil ar chúiseanna a bhfuil údar leo (Airteagal 13) ([2])	Iomlán (1 + 2 ± 3 – 4)	Méideanna a aisghabháladh do bhuiséad AE le linn na ráithe ([3]) ([4])	Gan íoc ag deireadh na ráithe reatha
		(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7) = (5) – (6)
1210	Dleachtanna custaim (gan dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála san áireamh)							
1230	Dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála ar tháirgí							
1240	Dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála ar sheirbhísí							
1291	Táille láimhseála an Aontais							
12	**DLEACHTANNA CUSTAIM AGUS MÉIDEANNA EILE**							
1100	Tobhaigh shiúcra							

([2]) Cuntas 'B' a choinnítear de bun an dara fomhír d'Airteagal 6(3) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014, lena n-áirítear teidlíochtaí a socraíodh de thoradh ar iniúchtaí agus cásanna inar braitheadh calaois agus neamhrialtachtaí.

(airgeadra náisiúnta)

CINEÁL NA hACMHAINNE		Méid gan íoc ón ráithe roimhe seo	Teidlíochtaí a socraíodh I ndáil leis an ráithe reatha	Ceartúcháin ar shocruithe (Airteagal 8) ([1])	Méideanna do-aisghabhála nach féidir a chur ar fáil ar chúiseanna a bhfuil údar leo (Airteagal 13) ([2])	Iomlán (1 + 2 ± 3 – 4)	Méideanna a aisghabháladh do bhuiséad AE le linn na ráithe ([3]) ([4])	Gan íoc ag deireadh na ráithe reatha
		(1)	(2)	(3)	(4)	(5)	(6)	(7) = (5) – (6)
11	**TOBHAIGH SHIÚCRA**							
	IOMLÁN 12 + 11							
						Measachán ar mhéideanna a socraíodh agus nach dócha go ndéanfar iad a aisghabháil ([5])’		

([1]) Tuigfear gur ceartúcháin iad ceartúcháin ar shocruithe teidlíochtaí, lena n-áirítear cealuithe de thoradh ar athbhreithniú ar an socrú teidlíochta tosaigh ag eascairt as ráithí roimhe sin. Tá difríocht de réir a gcineáil idir na cinn seo agus na cinn a chuirtear isteach i gcolún (4).

([2]) Tá na cásanna go léir le leagan amach in Iarscríbhinn IV, rud atá le cur ar ais an tráth céanna a chuirtear an ráiteas ráithiúil seo ar ais. An t-iomlán le haghaidh an cholúin seo (4) agus an t-iomlán le aghaidh cholún 2 d’Iarscríbhinn IV, beidh siad mar a gcéanna.

([3]) An t-iomlán le haghaidh an cholúin seo, beidh sé mar an gcéanna leis an iomlán a thugtar i gcolún (2) den ráiteas ar chuntas ‘A’ le haghaidh na 3 mhí lena mbaineann.

([4]) Lena n-áirítear na méideanna go léir nár aisghabháladh ó fhéichiúnaithe ar chúiseanna atá inchurtha i leith an Bhallstáit. Is gá iad seo a chur isteach i gcolún 2 den ráiteas ar chuntas ‘A’ (Iarscríbhinn I) agus ar an gcaoi chéanna tá siad le taispeáint i gcolún 1 d’Iarscríbhinn IV.

([5]) Éigeantach le haghaidh na ráithe deiridh do gach bliain. I gcás ina meastar méid nialas a bheith ann, cuirfear isteach an focal ‘neamhní’.”

ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2026/2306/oj

IARSCRÍBHINN II

In Iarscríbhinn V a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE, Euratom) 2018/194, cuirtear an méid seo a leanas in ionad Roinn 4:

‘4. ***AN TEIDLÍOCHT A SHOCRÚ (Airteagal 2 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014*** [1]***)***

Oifig an tsocraithe: …

Dáta an tsocraithe: …

Tagairt chuntasaíochta an tsocraithe (roghnach): …

Dáta iontrála i gcuntas B (Airteagal 6 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014): …

Tagairt chuntasaíochta chuntas B (roghnach): …

An iontráil sna cuntais nó an fógra i dtaobh an fhiachais custaim curtha siar ionas nach ndéanfaí dochar d’imscrúdú coiriúil a dhéanann difear do leasanna airgeadais an Aontais (an dara fomhír d’Airteagal 13(2) de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014) (Cuireadh siar/níor cuireadh siar é nó í)

An méid iomlán acmhainní dílse traidisiúnta a socraíodh:

(Sonraigh anseo an méid iomlán a socraíodh ag éirí as na himthosca céanna – neamhrialtachtaí nó calaois lena mbaineann ar a laghad aon phríomh-fhéichiúnaí coiteann amháin agus ar ar thángthas de thoradh ar an rialú céanna imréitigh nó iar-imréitigh)

…

Méid na ndleachtanna custaim agus talmhaíochta a socraíodh, gan dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála san áireamh: …

…

Méid na ndleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála a socraíodh: …

Méid tháille láimhseála an Aontais a socraíodh: …

Méid na dtobhach siúcra a socraíodh: …

An méid comhfhreagrach de dhleachtanna máil náisiúnta agus CBL a socraíodh (roghnach):

…

Méid an cheartúcháin [2] ar acmhainní dílse traidisiúnta (méadú nó laghdú) tar éis an tsocraithe tosaigh:

…

Méid an cheartúcháin ar dhleachtanna custaim agus talmhaíochta (méadú nó laghdú), tar éis an tsocraithe tosaigh, gan dleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála san áireamh: …

…

Méid an cheartúcháin ar dhleachtanna frithchúitimh agus frithdhumpála (méadú nó laghdú) tar éis an tsocraithe tosaigh: …

…

Méid an cheartúcháin a bhaineann le táille láimhseála an Aontais (méadú nó laghdú) tar éis an tsocraithe tosaigh…

…

Méid an cheartúcháin a bhaineann le tobhaigh shiúcra (breisiú nó asbhaint) tar éis an tsocraithe tosaigh: …

…

Méid comhfhreagrach an cheartúcháin a bhaineann le dleachtanna máil náisiúnta agus CBL (breisiú nó asbhaint) tar éis an tsocraithe tosaigh (roghnach): …

An méid iomlán acmhainní dílse traidisiúnta atá le haisghabháil tar éis an cheartúcháin

---

([1]) An iontráil sna cuntais dtagraítear in Airteagal 104(1) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 agus in Airteagal 217(1) de Rialachán (CEE) Uimh. 2913/92.

([2]) Ceartúcháin ar shocruithe teidlíochtaí dá dtagraítear in Airteagal 8 de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.

Méid iomlán an urrúis/na ráthaíochta ([3]): …

(Méid a chumhdaíonn acmhainní dílse an Aontais agus, más infheidhme, dleachtanna náisiúnta. Féadfaidh neamhní a bheith ann más ann do tharscaoileadh nó mura dtaisctear urrús. I gcás ráthaíocht chuimsitheach is lú ná 100 % den mhéid tagartha, sonrófar an méid tagartha freisin)

An chuid den urrús atá le leithdháileadh ar acmhainní dílse an Aontais: …

Cineál an urrúis (éigeantach, roghnach, neamhbheartaithe): …

Cineál an urrúis éigeantaigh: …

Míniúcháin bhreise a mhéid a bhaineann le hurrús

(*An chúis nár taisceadh urrús, tuairimí maidir le cur i bhfeidhm Airteagail 89 (4), fomhír 3, de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013,* ...): …

Méid an urrúis a cuireadh ar fáil don Aontas: …

Dáta a cuireadh an méid urrúis ar fáil don Aontas: …’

([3]) Urrús dá dtagraítear in Airteagal 6(3), an dara fomhír, de Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 609/2014.